RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2406 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Nollaig 2022

maidir le bearta eisceachtúla tacaíochta margaidh le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis sa Pholainn

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 220(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Idir an 29 Nollaig 2019 agus an 13 Bealtaine 2020 agus idir an 24 Samhain 2020 agus an 28 Iúil 2021, dheimhnigh an Pholainn 392 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5 agus thug sí fógra fúthu. Is iad lachain, géanna, turcaithe, guinithe, sicíní *Gallus domesticus* agus béaróga na speicis a ndearnadh difear dóibh.

(2) Rinne an Pholainn na bearta sláinte ainmhithe agus tréidliachta uile ba ghá láithreach agus go héifeachtúil i gcomhréir le Treoir 2005/94/CE ón gComhairle ([2]) agus, ón 21 Aibreán 2021, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lena ndearnadh an Treoir sin a aisghairm agus a ionadú.

(3) Go háirithe, rinne an Pholainn bearta rialaithe, faireacháin agus coisctheacha agus bhunaigh sí criosanna cosanta agus faireachais ('na criosanna rialaithe') de bhun Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2020/10 ([4]), (AE) 2020/47 ([5]), (AE) 2020/114 ([6]), (AE) 2020/134 ([7]), (AE) 2020/175 ([8]), (AE) 2020/210 ([9]), (AE)

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Treoir 2005/94/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú an fhliú éanúil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/40/CEE (IO L 10, 14.1.2006, lch. 16).

([3]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/10 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2020 maidir le bearta cosanta eatramhacha áirithe i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 sa Pholainn (IO L 5, 9.1.2020, lch. 1)

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2020 maidir le bearta cosanta i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 16, 21.1.2020, lch. 31).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/114 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 21, 27.1.2020, lch. 20).

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/134 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 27, 31.1.2020, lch. 27).

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/175 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 35, 7.2.2020, lch. 23).

([9]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/210 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 43, 17.2.2020, lch. 77).

2020/240 ([10]), (AE) 2020/281 ([11]), (AE) 2020/384 ([12]), (AE) 2020/504 ([13]), (AE) 2020/529 ([14]), (AE) 2020/549 ([15]), (AE) 2020/574 ([16]), (AE) 2020/604 ([17]), (AE) 2020/1809 ([18]), (AE) 2020/2010 ([19]), (AE) 2021/18 ([20]), (AE) 2021/68 ([21]), (AE) 2021/122 ([22]), (AE) 2021/151 ([23]), (AE) 2021/239 ([24]), (AE) 2021/335 ([25]), (AE) 2021/396 ([26]), (AE) 2021/450 ([27]), (AE) 2021/489 ([28]), (AE) 2021/562 ([29]), (AE) 2021/640 ([30]), (AE)

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/240 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 48, 21.2.2020, lch. 12).

([11]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/281 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 59, 28.2.2020, lch. 13).

([12]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/384 ón gCoimisiún an 6 Márta 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 72, 9.3.2020, lch. 5).

([13]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/504 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 109, 7.4.2020, lch. 17).

([14]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/529 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 118, 16.4.2020, lch. 29).

([15]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/549 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 123, 21.4.2020, lch. 1).

([16]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/574 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 132, 27.4.2020, lch. 23).

([17]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/604 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47 maidir le bearta cosanta i ndáil le fliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5N8 i mBallstáit áirithe (IO L 139, 4.5.2020, lch. 67).

([18]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2020 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 402, 1.12.2020, lch. 144).

([19]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2010 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 414, 9.12.2020, lch. 79).

([20]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/18 ón gCoimisiún an 8 Eanáir 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 8, 11.1.2021, lch. 1).

([21]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/68 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 26, 26.1.2021, lch. 56).

([22]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/122 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 38, 3.2.2021, lch. 1).

([23]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/151 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 45, 9.2.2021, lch. 7).

([24]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/239 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 56I, 17.2.2021, lch. 1).

([25]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/335 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 66, 25.2.2021, lch. 5).

([26]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/396 ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 78, 5.3.2021, lch. 1).

([27]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/450 ón gCoimisiún an 10 Márta 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 88, 15.3.2021, lch. 1).

([28]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/489 ón gCoimisiún an 19 Márta 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 101, 23.3.2021, lch. 2).

([29]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/562 ón gCoimisiún an 30 Márta 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 119, 7.4.2021, lch. 3).

([30]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/640 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 134, 20.4.2021, lch. 1).

2021/641 ([31]), (AE) 2021/688 ([32]), (AE) 2021/766 ([33]), (AE) 2021/846 ([34]), (AE) 2021/906 ([35]), (AE) 2021/989 ([36]), (AE) 2021/1084 ([37]), (AE) 2021/1146 ([38]), agus (AE) 2021/1186 ([39]) ón gCoimisiún.

(4) Chuir an Pholainn in iúl don Choimisiún go ndearna na bearta sláinte agus tréidliachta ba ghá, a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh an ghalair a shrianadh agus a dhíothú, difear do líon an-mhór oibreoirí agus gur chaill na hoibreoirí sin ioncam nach raibh incháilithe do ranníocaíocht airgeadais ón Aontas faoi Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([40]), a ndearnadh a aisghairm agus a ionadú le Rialachán (AE) 2021/690 ([41]) ón 1 Eanáir 2021.

(5) An 21 Márta 2022, fuair an Coimisiún iarraidh fhoirmiúil ón bPolainn chun go ndéanfaí bearta eisceachtúla áirithe a pháirtmhaoiniú de bhun Airteagal 220(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le haghaidh ráigeanna a deimhníodh idir an 29 Nollaig 2019 agus an 13 Bealtaine 2020, agus idir an 24 Samhain 2020 agus an 28 Iúil 2021. An 11 Bealtaine 2022, an 24 Meitheamh 2022, an 3 Lúnasa 2022, an 5 Deireadh Fómhair 2022 agus an 9 Samhain 2022, rinne údaráis na Polainne a n-iarraidh a shoiléiriú agus a dhoiciméadú.

([31]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 134, 20.4.2021, lch. 166).

([32]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/688 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 143, 27.4.2021, lch. 44).

([33]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/766 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 165I, 11.5.2021, lch. 1).

([34]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/846 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 187, 27.5.2021, lch. 2).

([35]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/906 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 199I, 7.6.2021, lch. 1).

([36]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/989 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 218, 18.6.2021, lch. 41).

([37]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1084 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 235, 2.7.2021, lch. 14).

([38]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1146 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 247I, 13.7.2021, lch. 1).

([39]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1186 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 257, 19.7.2021, lch. 5).

([40]) Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, lena leasaítear Treoir 98/56/CE, Treoir 2000/29/CE agus Treoir 2008/90/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n aisghairtear Cinneadh 66/399/CEE, Cinneadh 76/894/CEE agus Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle (IO L 189, 27.6.2014, lch. 1).

([41]) Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1).

(6) De thoradh na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta dá dtagraítear in aithris 3, cuireadh síneadh le tréimhsí branair, cuireadh toirmeasc ar éin a chur ar lonnú agus cuireadh srian ar ghluaiseachtaí ar ghabháltais de gach cineál éanlaithe clóis sna criosanna rialaithe. Dá thoradh sin, cailleadh táirgeadh uibheacha goir, uibheacha tomhaltais, ainmhithe beo agus feoil éanlaithe clóis ar na gabháltais sin, ach bhí caillteanais ann freisin de dheasca uibheacha agus feoil a scriosadh agus a íosghrádaíodh.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 220(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ní mór páirtmhaoiniú an Aontais a bheith coibhéiseach le 50 % den chaiteachas a d'iompair an Pholainn mar gheall ar na bearta eisceachtúla tacaíochta margaidh. Ba cheart don Choimisiún na huaschainníochtaí atá incháilithe do mhaoiniú i leith gach birt eisceachtúil tacaíochta margaidh a shocrú tar éis dó grinnscrúdú a dhéanamh ar an iarraidh a fuarthas ón bPolainn i dtaca le ráigeanna a deimhníodh idir an 29 Nollaig 2019 agus an 13 Bealtaine 2020, agus idir an 24 Samhain 2020 agus an 28 Iúil 2021.

(8) Chun aon riosca róchúitimh a sheachaint, ba cheart méid ráta comhréidh an pháirtmhaoinithe a bhunú ar staidéir theicniúla agus eacnamaíocha nó ar dhoiciméid chuntasaíochta agus a shocrú ar leibhéal atá iomchuí i gcás gach ainmhí agus gach táirge de réir catagóirí.

(9) Chun aon riosca cistithe dhúbailte a sheachaint, níor cheart go ndearnadh cúiteamh i leith na gcaillteanas le státchabhair nó le hárachas agus ba cheart an páirtmhaoiniú ón Aontas faoin Rialachán seo a bheith teoranta d'ainmhithe agus do tháirgí incháilithe nach bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ina leith faoi Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, a ndearnadh a aisghairm agus a ionadú le Rialachán (AE) 2021/690 ón 1 Eanáir 2021.

(10) Ba cheart méid agus fad na mbeart eisceachtúil tacaíochta margaidh dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun tacú leis an margadh. Go háirithe, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta eisceachtúla tacaíochta margaidh ach amháin maidir le táirgeadh uibheacha agus éanlaithe clóis ar na gabháltais atá lonnaithe sna criosanna rialaithe agus ar feadh fhad na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus na Polainne atá ábhartha do na 392 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach a deimhníodh idir an 29 Nollaig 2019 agus an 13 Bealtaine 2020, agus idir an 24 Samhain 2020 agus an 28 Iúil 2021.

(11) Chun solúbthacht a áirithiú i gcás nach ionann líon na n-uibheacha ná na n-ainmhithe atá incháilithe do chúiteamh agus na huasmhéideanna a shocraítear sa Rialachán seo, méideanna atá bunaithe ar mheastacháin, féadfar cúiteamh a choigeartú laistigh de theorainneacha áirithe, ar choinníoll go n-urramaítear an t-uasmhéid caiteachais a pháirtmhaoineoidh an tAontas.

(12) Ar mhaithe le bainistiú buiséadach fónta na mbeart eisceachtúil tacaíochta margaidh sin, níor cheart ach na híocaíochtaí sin a dhéanfaidh an Pholainn le tairbhithe faoin 30 Meán Fómhair 2023 ar a dhéanaí a bheith incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas. Níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún ([42]), ar cuireadh Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([43]) ina ionad ón 1 Eanáir 2023.

(13) Chun incháilitheacht agus cruinneas na n-íocaíochtaí a áirithiú, ba cheart don Pholainn seiceálacha *ex ante* a dhéanamh.

(14) Chun go mbeidh an tAontas in ann a rialú airgeadais a dhéanamh, ba cheart don Pholainn imréiteach na n-íocaíochtaí a chur in iúl don Choimisiún.

(15) Ós rud é gur tháinig na srianta a bhaineann le ráigeanna an fhliú éanúil i bhfeidhm ar dhátaí éagsúla sna criosanna rialaithe dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus ós rud é nach ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le spriocdháta chun na hiarratais ar chabhair a chur isteach, is iomchuí a mheas, chun críocha Airteagal 29(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014, ar cuireadh Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ina ionad ón 1 Eanáir 2023, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo mar an teagmhas oibríochtúil le haghaidh an ráta malairte maidir leis na méideanna a leagtar amach sa Rialachán seo.

([42]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18).

([43]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95).

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Soláthróidh an tAontas páirtmhaoiniú a bheidh coibhéiseach le 50 % den chaiteachas a d'iompair an Pholainn chun tacú le margadh na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis a ndearna 392 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach d'fhochineál H5 difear tromchúiseach dó, ráigeanna a bhraith an Pholainn agus ar thug sí fógra fúthu idir an 29 Nollaig 2019 agus an 13 Bealtaine 2020, agus idir an 24 Samhain 2020 agus an 28 Iúil 2021.

Airteagal 2

1. Ní bheidh caiteachas a d'iompair an Pholainn incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas ach amháin:

(a) ar feadh fhad chur i bhfeidhm na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 1; agus

(b) maidir leis na gabháltais éanlaithe clóis sin a bhí faoi réir na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta agus atá lonnaithe sna criosanna dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn ('na criosanna rialaithe'); agus

(c) i gcás ina mbeidh sé íoctha ag an bPolainn leis na tairbhithe faoin 30 Meán Fómhair 2023 ar a dhéanaí; agus

(d) murar thairbhigh an t-ainmhí nó an táirge, maidir leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (a), d'aon chúiteamh trí bhíthin státchabhrach nó árachais agus mura bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ina leith faoi Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, a ndearnadh a aisghairm agus a ionadú le Rialachán (AE) 2021/690 ón 1 Eanáir 2021.

2. Ní bheidh aon chuid den chaiteachas a íocfaidh an Pholainn tar éis an 30 Meán Fómhair 2023 incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, gan beann ar chion an chaiteachais atá i gceist léi.

Airteagal 3

1. Is é EUR 17 043 057, mar a shonraítear thíos, uasmhéid an pháirtmhaoinithe ón Aontas:

(a) i gcás caillteanas táirgthe uibheacha agus éanlaithe clóis atá lonnaithe sa chrios rialaithe, beidh feidhm ag na rátaí comhréidhe seo a leanas:

(i) i gcás táirgeoirí uibheacha goir:

— EUR 0,745 in aghaidh na huibhe goir gé a thagann faoi chód AC 0407 19 11, a scriosadh, suas le 3 778 n-ubh ar a mhéad;

— EUR 0,138 in aghaidh na huibhe goir lachan a thagann faoi chód AC 0407 19 19, a scriosadh, suas le 1 200 ubh ar a mhéad;

— EUR 0,075 in aghaidh na huibhe goir gé a thagann faoi chód AC 0407 19 11, a íosghrádaíodh, suas le 2 703 n-ubh ar a mhéad;

— EUR 0,080 in aghaidh na huibhe goir béaróige a thagann faoi chód AC 0407 11 00, a íosghrádaíodh, suas le 2 782 641 ubh ar a mhéad;

(ii) i gcás táirgeoirí uibheacha boird:

— EUR 0,026 in aghaidh na huibhe a thagann faoi chód AC 0407 11 00, a scriosadh, suas le 750 960 ubh ar a mhéad;

— EUR 0,015 in aghaidh na huibhe a thagann faoi chód AC 0407 11 00, a íosghrádaíodh, suas le 52 355 320 ubh ar a mhéad;

(iii) i gcás táirgeoirí ainmhithe ós rud é nár tháirg siad le linn tréimhsí fada branair:

— EUR 0,009 in aghaidh na béaróige in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 5 669 560 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,002 in aghaidh an tsicín lena ramhrú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 37 526 825 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,021 in aghaidh na gé in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 20 suas le 462 698 n-ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,005 in aghaidh na lachan in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 10 suas le 1 615 850 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,008 in aghaidh an turcaí in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 2 423 042 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,002 in aghaidh na guine in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 50 suas le 12 822 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,007 in aghaidh na béaróige lena beathú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 1 981 450 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,002 in aghaidh an turcaí lena bheathú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 20 791 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,002 in aghaidh na lachan lena beathú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 10 suas le 63 282 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,001 in aghaidh na guine lena beathú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 50 suas le 10 000 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,006 in aghaidh na béaróige pórúcháin aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 1 812 885 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,034 in aghaidh na gé pórúcháin in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 20 suas le 25 616 ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,001 in aghaidh na lachan pórúcháin in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 10 suas le 340 737 n-ainmhí ar a mhéad;

— EUR 0,010 in aghaidh an turcaí pórúcháin in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 23 171 ainmhí ar a mhéad;

(b) i gcás táirgeoirí ainmhithe a dhíol ainmhithe ar phraghas laghdaithe mar gheall ar shrianta gluaiseachta sna criosanna rialaithe, beidh feidhm ag na rátaí comhréidhe seo a leanas:

(i) EUR 0,072 in aghaidh an chileagraim (beomheáchan) de shicín lena ramhrú a thagann faoi chód AC 0105 94 00, a íosghrádaíodh, suas le 15 286 496 ainmhí ar a mhéad;

(ii) EUR 0,224 in aghaidh an chileagraim (beomheáchan) de ghé a thagann faoi chód AC 0105 99 10, a íosghrádaíodh, suas le 76 488 n-ainmhí ar a mhéad;

(iii) EUR 0,114 in aghaidh an chileagraim (beomheáchan) de thurcaí a thagann faoi chód AC 0105 99 30, a íosghrádaíodh, suas le 4 340 804 ainmhí ar a mhéad;

(c) i gcás caillteanais a bhaineann leis na tréimhsí fada ramhraithe mar gheall ar shrianta gluaiseachta sna criosanna rialaithe, beidh feidhm ag na rátaí comhréidhe seo a leanas in aghaidh an ainmhí:

(i) EUR 0,041 in aghaidh an tsicín lena ramhrú in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 94 00 suas le 1 142 044 ainmhí ar a mhéad;

(ii) EUR 0,064 in aghaidh na gé in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 20 suas le 14 598 n-ainmhí ar a mhéad;

(iii) EUR 0,007 in aghaidh na lachan in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 10 suas le 59 334 ainmhí ar a mhéad;

(iv) EUR 0,101 in aghaidh an turcaí in aghaidh an lae a thagann faoi chód AC 0105 99 30 suas le 95 361 ainmhí ar a mhéad.

2. I gcás inar mó an líon uibheacha nó ainmhithe atá incháilithe do chúiteamh ná an t-uaslíon uibheacha nó ainmhithe in aghaidh na míre a shocraítear i mír 1, féadfar an caiteachas atá incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas a choigeartú in aghaidh na míre agus a bheith níos mó ná na méideanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm na n-uaslíonta in aghaidh na míre, ar choinníoll go mbeidh iomlán na gcoigeartuithe fós faoi bhun 10 % den uasmhéid caiteachais a pháirtmhaoineoidh an tAontas dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 4

Déanfaidh an Pholainn seiceálacha riaracháin agus fisiceacha i gcomhréir le hAirteagail 58 agus 59 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([44]).

Fíoróidh an Pholainn an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) incháilitheacht an iarratasóra a bhfuil an iarraidh ar thacaíocht á cur isteach aige;

(b) i gcás gach iarratasóra incháilithe: incháilitheacht, cainníocht agus luach an chaillteanais iarbhír táirgeachta;

(c) nach bhfuair aon iarratasóir incháilithe cistiú ó aon fhoinse eile chun na caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo a chúiteamh.

I gcás iarratasóirí incháilithe ar cuireadh seiceálacha riaracháin i gcrích ina leith, féadfar cabhair a íoc gan fanacht go dtí go ndéanfar gach seiceáil, go háirithe seiceálacha ar iarratasóirí a roghnaíodh le haghaidh seiceálacha ar an láthair.

I gcásanna nár deimhníodh incháilitheacht iarratasóra, déanfar an chabhair a aisghabháil agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 58(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Airteagal 5

Chun críocha Airteagal 29(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014, [a gcuirfear Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ina ionad ón 1 Eanáir 2023], is é teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheidh ina theagmhas oibríochtúil le haghaidh an ráta malairte a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo.

Airteagal 6

Cuirfidh an Pholainn imréiteach na n-íocaíochtaí in iúl don Choimisiún.

Airteagal 7

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([44]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

IARSCRÍBHINN

Liosta de reachtaíocht an Aontais ina liostaítear na criosanna rialaithe agus na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 2

Codanna den Pholainn agus tréimhsí a leagtar síos i gcomhréir le Treoir 2005/94/CE, a ndearnadh a aisghairm agus a ionadú le Rialachán (AE) 2016/429 ón 21 Aibreán 2021, agus a shainmhínítear sna Cinntí Cur Chun Feidhme seo a leanas:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/10;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/47;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/114;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/134;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/175;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/210;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/240;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/281;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/384;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/504;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/529;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/549;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/574;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/604;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1809;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2010;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/18;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/68;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/122;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/151;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/239;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/335;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/396;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/450;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/489;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/562;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/640;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/688;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/766;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/846;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/906;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/989;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1084;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1146;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1186.